

## Sealbhú teanga

Sealbhaíonn ár bhformhór an chéad teanga i ngan fhios dúinn féin. Agus muid ag foghlaim na dara teanga nó teangacha ina dhiaidh sin, seans go mbeidh sé deacair orainn ag an tús cuimhneamh ar a bhfuil á fhoghlaim againn. Ar fhoghlaim tú frásaí, stór focal nó gramadach riamh a bhí ligthe i ndearmad go hiomlán agat cúpla mí níos déanaí? Nuair a shealbhaímid teanga bíonn sí sa chuimhne fhadtéarmach againn agus ní gá dúinn smaoineamh ar conas í a labhairt, tagann sí amach go nádúrtha. Sin an difríocht idir teanga a shealbhú agus teanga a fhoghlaim. An sprioc atá le teanga a mhúineadh go sealbhóidh na foghlaimeoirí í seachas díreach í a fhoghlaim agus a chleachtadh.

## Céimeanna Forbartha

### Sealbhú na dara teanga

Is iomaí rud a théann i gcion ar an tslí a shealbhaítear an dara teanga.

#### Tosca mothachtálacha

- dearcadh
- inspreagadh
- toilteanas dul i mbun cumarsáide
- imní

#### Tosca coigníocha ar nós

- cumas intleachtúil
- inniúlacht teanga
- straitéisí foghlama teanga

#### Tosca teanga ar nós

- céad teanga an fhoghlaimeora
- an teanga sa timpeallacht agus
- an méid ama teagaisc

Ní fios fós cén aois is fearr le teanga a fhoghlaim, ach tá taighdeoirí áirithe den tuairim gur fearr tabhairt faoi i mblianta na hóige ós rud é go bhfuil cumas dúchasach ag leanaí teanga a shealbhú go nádúrtha.

### Sealbhú na chéad teanga

Léiríonn an taighde go ngabhann leanaí tríd na céimeanna seo a leanas agus iad ag foghlaim na chéad teanga:

- giolcaireacht (*gutaí a fhuaimniú*)
- plubaireacht (*consain + guta a fhuaimniú, m.sh. da da da*)
- na chéad fhocail
- caint aon fhocal
- caint dhá fhocal
- infhilleadh (*focail a athrú, m.sh. 'í' nó 'áil' a chur leo*)
- ceisteanna
- focail dhiúltacha
- abairtí casta

Léirigh staidéar ar shealbhú na Gaeilge mar chéad teanga go dtáirgeann leanaí míreanna cainte san ord seo a leanas:

- ceisteanna
- sealbhú (*mo*)
- orduithe
- focail dhiúltacha

## Leideanna

- ☑ Ní próiseas simplí díreach é teanga a fhoghlaim. Is gnách d'fhoghlaimeoir frása a rá nó a scríobh i gceart lá amháin, agus botún a dhéanamh ann cúpla seachtain nó cúpla mí ina dhiaidh sin. Cuid nádúrtha d'fhoghlaim teanga is ea é sin.
- ☑ Cuid nádúrtha de shealbhú teanga is ea **botúin** a dhéanamh, de réir mar a bhíonn foghlaimeoirí ag iarraidh a dhéanamh amach an tslí a n-oibríonn an teanga.

- ☑ Tá sé tábhachtach **dúshlán a chur faoi fhoghlaimeoirí** chun iad a inspreagadh agus le go rachaidh siad chun cinn. Ba cheart d'ionchur teanga (téacsanna, clos-ábhair, teanga nua srl.) a bheith céim amháin chun tosaigh ar chumas na bhfoghlaimeoirí.
- ☑ Ba cheart ionchur saibhir éagsúlaithe a thabhairt **d'fhoghlaimeoirí a bhfuil greim acu ar an teanga cheana féin** (m. sh. foghlaimeoirí Gaeilge i scoileanna Gaeltachta), agus dúshlán a chur fúthu chun cur lena stór focal, rudaí a rá ar bhealaí

éagsúla, cora cainte a úsáid, agus comparáid a dhéanamh idir na slite difriúla ina ndeirtear rudaí sa teanga.

- ☑ Tá sé riachtanach **dul siar** go rialta. Dá mhinice a chloiseann, a léann agus a úsáideann foghlaimeoir frásaí agus focail, is ea is dóchúla go sealbhóidh siad iad. Seachas bheith ag athrá agus ag dul i muinín druileanna, misnigh na daltaí chun an méid atá foghlamtha acu a úsáid ar shlite nua cruthaitheacha – i scéalta, i ndrámáí, i dtascanna agus i bpuzail.

☑ Bain úsáid as **chéim iarchumarsáideach** an ranga chun díriú ar ghnéithe den ghramadach nó ar bhotúin a tugadh faoi deara le linn na gníomhaíochta. Fiafraigh de na foghlaiméirí cad é a bhraith siad a bhí furasta nó deacair, cad é nár thuig siad go hiomlán, nó cé hiad na cosúlachtaí agus na héagsúlachtaí a thug siad faoi deara idir an teanga nua agus teangacha a raibh cur amach acu orthu cheana.

☑ Is maith **rudaí a thabhairt faoi deara**; tacaíonn sé leis an sealbhú agus spreagann sé é. Tar éis a bheith ag éisteacht nó ag léamh, iarr ar na daltaí machnamh a dhéanamh ar an méid a thug siad faoi deara: cad iad na nathanna a bhí go maith, cén difríocht a bhí idir stíl an ghiota agus an tslí a ndéarfadís/ a scríobhfadís féin é?

☑ Bí ag iarraidh **fiosracht na bhfoghlaiméirí** a mhúscailt, mar cé go mbíonn teanga á cloisteáil, á feiceáil i gcló, agus á húsáid acu an t-am ar fad, seans nach dtugann siad foirmeacha éagsúla na teanga faoi deara.

☑ Cothaíonn **tascanna simplí feasachta teanga** fiosracht na ndaltaí agus an cumas rudaí a thabhairt faoi deara. Mar shampla, iarr ar dhaltaí comparáid a dhéanamh idir fhocail sna teangacha difriúla a labhraíonn muintir an ranga agus iarracht a dhéanamh focail as teangacha eile a fhuaimniú.

☑ **Múin an ceacht sa spríoctheanga** i gcónaí toisc nach mbíonn deis ag mórchuid foghlaiméirí an teanga a chloisteáil lasmuigh den seomra ranga agus cuireann an teorannú sin bac ar shealbhú. Má mhúineann tú tríd an spríoctheanga agus má úsáideann tú í go nádúrtha anois is arís i

gcaitheamh an lae beidh ionchur níos ginearálta agus níos saibhre ag na daltaí; beidh níos mó am teagmhála acu leis an teanga, agus is fearr na deiseanna chun fóir-chumarsáid a dhéanamh.

☑ **Mínigh do na daltaí** an fáth go labhraíonn tú leo i gcónaí sa teanga atá á foghlaim acu, ionas go dtuigfidh siad gur ar a son féin a dhéanann tú é agus nach mbeidh iad ag iarraidh ort gach rud a aistriú.

☑ Ba cheart go gcloisfeadh foghlaiméirí **raon leathan cainteoirí** – cainteoirí dúchais, aosaigh, daoine óga, lucht canúintí difriúla – chomh maith lena gcuid múinteoirí. Beidh an fuaimniú agus an fhoghraíocht níos fearr acu dá bharr, gheobhaidh siad cur amach ar chanúintí éagsúla agus cuireann sé go mór le hinspreagadh.

## Gnéithe de shealbhú teanga

**Idirtheanga** a thugtar ar an meascán de ghnéithe ón teanga atá á foghlaim agus ó chéad teanga agus teangacha eile an dalta.

Tarlaíonn **iontaisíú** nuair nach gceartaítear botúin ionas go dtagann siad chun bheith mar chuid den chóras teanga. Bí ag faire amach le haghaidh botún leanúnach nuair a bhíonn leanaí i mbun taisc, mar is deacair botúin iontaisithe a cheartú.

Ciallaíonn **aistriú** tionchar na teanga/na dteangacha atá ag an bhfoghlaiméirí cheana ar an teanga atá á foghlaim. Is minic a chloistear botúin de bharr aistriú diúltach (mar shampla botúin leithéidí *Tá sé fear sa Ghaeilge* – aistriú ó *He is a man*). Feictear aistriú dearfach nuair a oibríonn struchtúir ar an tslí chéanna (mar shampla *Tá sé mór.*)

## Dátheangachas

Meastar go bhfuil breis is 60% de dhaonra an domhain dátheangach nó ilteangach, agus gur mionlach é dream an aon teanga amháin.

Ciallaíonn **dátheangachas comhuaineach nó cothromaithe** go bhfuil dhá theanga ag duine ón gcliabhán. Foghlaimítear an dá theanga ag an am céanna ar shlí chothromaithe.

Ciallaíonn **dátheangachas dealaitheach** go gcailleann duine an chéad teanga nuair a fhoghlaimíonn siad an dara ceann, mar shampla i gcás inimirce.

**Dátheangachas suimitheach** a thugtar air nuair a chuirtear an dara teanga leis an gcéad teanga.

Is mó **buntáiste a ghabhann le bheith dátheangach**, lena n-áirítear feabhas ar fhorbairt choigníoch, ar shamhlaíocht, ar oscailteacht do theangacha nua, do dhearcadh déach ar an saol, ar chumas fadhbréitigh agus ar chruthaitheacht.

## Eolas agus ábhar léitheoireachta eile

Cuid de shraith acmhainní ar líne an leathanach eolais seo, a ceapadh trí obair Líonra Bunscoileanna an CNCM. Achoimre is ea é ar phríomhphointí ó phodchraoladh atá le cloisteáil ag [www.ncca.ie/ga/Podchraolta/](http://www.ncca.ie/ga/Podchraolta/)

Tuilleadh eolais mar gheall ar Líonra na mBunscoileanna ag [www.ncca.ie/forualachcuraclaim](http://www.ncca.ie/forualachcuraclaim).